# Babhta

# BLOC 2026

## Dáta Deiridh d'Iarratais: 16:00, 25 Samhain 2025

Fáilteoidh TG4 roimh iarratais ó earnáil na léiriúchán neamhspleách lena gcur ar phainéal de chruthaitheoirí ábhar TikTok/Insta Reels/Memes chun réimse leathan d'ábhar neamhlíneach a léiriú d'ardáin éagsúla meán sóisialta BLOC TG4.

Is riachtanas de chuid TG4 é go mbeadh eolas ag comhlacht ar bith a mbronntar coimisiúnú air ar Polasaí Comhlíontachta TG4 agus na hoibleagáidí reachtúla agus rialála atá i gceist faoin Acht Craolacháin 2009 chomh maith le heolas a bheith acu ar Chóid agus Rialacha ábhartha Choimisiún na Meán (CnaM.ie).

**Sula ndéantar iarratas:**

- **Lucht Féachana:** 18-30

**Príomhphointí:**

- Beidh an gearrliosta curtha i gcrích roimh an **08/12/2025**
- Déanfar gearrliosta bunaithe ar riachtanais ábhair ardán BLOC
- Má roghnaítear d'iarratas, déanfaidh Eagarthóir BLOC teagmháil leat faoi na chéad chéimeanna eile agus faoi iarratas foirmeálta a dhéanamh.
- Bheadh sé i gceist an t-ábhar seo a léiriú, a sheachadadh agus a dháileadh thar thréimhse bliana ó thús mhí Feabhra 2026.
- Tá BLOC TG4 ag lorg ábhar tarraingteach do na meáin shóisialta a mheallfaidh an t-aoisghrúpa 18-30 bliain d'aois a bhfuil *súil eile TG4* lárnach sa gcur chuige agus a bheidh oiriúnach don stíl a bhíonn in úsáid ar TikTok, Instagram nó Youtube Shorts.

- Tá BLOC ag lorg réimse leathan ábhair i seánraí éagsúla: greann, cúrsaí reatha, agus ábhar a bhaineann le téamaí atá tábhachtach i saol Ghlúin Z, go háirithe ábhar atá i mbéal an aoisghrúpa seo.

- Beidh cearta saoil trasardán ar fud an domhain ag TG4 ar an ábhar seo.

## Tábhachtach:

**Buiséad:**

- Beidh an buiséad bunaithe ar an méid ábhair a bheidh á sheachadadh. Cuirfear treoir iomlán don bhuiséad agus teimpléad buiséid ar fáil do chomhlachtaí a chláraíonn a gcuid spéise le Róisín Ní Thuairisg

## Riachtanais Iarratais:

- Ní mór don iarratas a bheith i bhformáid PDF (2-4 leathanach ar a mhéad) agus treoir ar chostas buiséid a bheith leis bunaithe ar an eolas sa gcáipéis seo. Má éiríonn leat, beidh buiséad mionsonraithe le cur ar fáil sa chéad chéim eile den phróiseas.

## Cuir san áireamh:

- Iarratas iomlán ina bhfuil an coincheap faoin gcaoi a n-earcóidh sibh daoine ar an láthair
- Cur síos ar amlíne an léirithe
- Foireann agus taithí
- Moltaí maidir le sraith do TikTok/Instagam/YouTube shorts
- Plean/sceideal léirithe
- Plean maidir le pacáiste ábhair a d’fhéadfaí a sholáthar i rith na bliana
- Moltaí maidir leis an gcaoi a bhainfear na spriocanna thuas luaite amach
- Samplaí de bhrandaí nó de chruthaitheoirí eile a théann i bhfeidhm ort sa spás seo
- Ní mór don bhuiséad a bheith ar theimpléad TG4 - Is féidir an teimpléad a fháil ó Róisín Ní Thuairisg nó Julieann Ní Fhátharta

## Spriocanna Bloc

- Tá TG4 ag iarraidh go mbeadh ábhar BLOC ina lárphointe féachana ag Gaeil óga na tíre.
- Tá TG4 ag lorg ábhair a mheallfaidh lucht féachana nua chuig an mbranda.
- Tá TG4 ag iarraidh ábhair a chuirfidh daoine ag caint fúinn, ag roinnt ár gcuid ábhair agus ag comhrá linn.
- Mar chuid den togra seo, ba mhaith le TG4 guthanna agus aghaidheanna nua a fhorbairt os comhair an cheamara agus taobh thiar de.

**Gearrliostú:** Má chuirtear do thogra ar ghearrliosta, déanfar teagmháil leat ar ríomhphost an 8 Nollaig 2025 faoi réir comhaontú conartha i mí Eanáir 2026. Is é mian TG4 go mbeadh gach conradh atá maoinithe go hiomlán ag TG4 ag an staid réamh-ghearrtha in 2026 más féidir.

**Ábhar Ilardáin: Instagram, TikTok, YouTube Shorts.**

**Tacaíocht:** Beidh eagarthóirí coimisiúnaithe TG4 ar fáil le haghaidh cruinnithe le léiritheoirí a bhfuil suim acu sa bhabhta seo. Is féidir ceisteanna a chur ar aghaidh nó plé tosaigh a eagrú ach teagmháil a dhéanamh le: roisin.ni.thuairisg@tg4.ie nó Julieann.ni.fhatharta@tg4.ie.

## Eolas Eile d'Iarrthóirí

Ní mór gach togra a chur ar aghaidh go leictreonach chuig TG4. Ní mór do chomhlachtaí léiriúcháin a chinntiú ar dtús go bhfuil siad cláraithe ar ár gcóras eCoimisiúin https://ecomm.tg4.ie

Ní mór iarratais a uaslódáil roimh an spriocam agus iad a chur ar aghaidh trí ***'BLOC 2026'*** a roghnú ón roghchlár anuas. Cuirfear in iúl duit, go huathoibríoch, nuair a bheidh do thogra curtha ar aghaidh. Ní ghlacfar le tograí nuair a bheidh an spriocdháta deiridh molta caite.

Is féidir ceist ar bith faoin mbabhta seo agus faoi oiriúnacht an tionscadail a sheoladh chuig roisin.ni.thuairisg@tg4.ie.

*Glacfar le hiarratas ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir na hoibleagáidí reachtúla iomchuí uile.*

*Níl dualgas ar TG4 glacadh leis an iarratas is ísle i bpraghas, ná le haon iarratas.*

*Beidh aon chonradh ag brath ar Dheimhniú Imréitigh Cánach a bheith agat ó na Coimisinéirí Ioncaim.*

*An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Cuirtear iarrthóirí ar an eolas gur ceadmhach eolas a sholáthraítear a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba chóir d'iarrthóirí aird a tharraingt ar aon fhaisnéis íogair (más ann di) agus an chúis go bhfuil an fhaisnéis sin íogair a lua. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh dualgas ar TG4 faisnéis a eisiúint, fiú más dóigh leis an iarrthóir gur faisnéis íogair í agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4.*

*Ní ann d'aon chineál ceangail – conradh ná aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag nó thar ceann TG4.*